C/2025/4102

24.7.2025

CINNEADH ÓN gCOIMISIÚN

an 23 Iúil 2025

maidir le laethanta saoire in 2027 d'oifigigh agus seirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh atá ag obair sa Bhruiséil agus i Lucsamburg

(C/2025/4102)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus do Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh (CEOS) a leagtar síos i Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 259/68 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 61 de na Rialacháin Foirne, mar aon le hAirteagail 16 agus 91 de CEOS,

Ag féachaint do na comhrialacha lena leagtar síos liosta na laethanta saoire poiblí atá ag dul d'oifigigh na gComhphobal Eorpach ([2]), agus go háirithe Airteagal 1(3) díobh,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Foirne,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Rialacháin Foirne,

Ag féachaint don tuairim ó na Cinn Riaracháin,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I bhfianaise Airteagal 61 de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus i bhfianaise Airteagail 16 agus 91 de CEOS, is iomchuí liosta na laethanta saoire poiblí in 2027 atá ag dul d'oifigigh agus do sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh atá lonnaithe sa Bhruiséil agus i Lucsamburg a leagan síos.

(2) In 2027, beidh Luan Cásca ann an 28 Márta.

(3) In 2027, beidh an 23 Nollaig ann ar an Déardaoin.

TAR ÉIS CINNEADH MAR A LEANAS:

Airteagal aonair

Is iad seo a leanas na laethanta saoire in 2027 do bhaill foirne atá ag obair sa Bhruiséil agus i Lucsamburg:

1 Eanáir	Lá Caille
25 Márta	Déardaoin Mandála
26 Márta	Aoine an Chéasta
29 Márta	Luan Cásca
6 Bealtaine	Déardaoin Deascabhála
7 Bealtaine	an lá i ndiaidh na Deascabhála
17 Bealtaine:	Luan Cincíse
23 Meitheamh*	Lá náisiúnta Lucsamburg *lá a dheonaítear do na hoifigigh agus na seirbhísigh eile atá lonnaithe i Lucsamburg
21 Iúil*	lá náisiúnta na Beilge *lá a dheonaítear do na hoifigigh agus na seirbhísigh eile atá lonnaithe sa Bhruiséil

([1]) IO L 56, 4.3.1968, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1968/259 (1)/oj..
([2]) SEC(66) 3621.

1 Samhain	Lá Samhna
2 Samhain	Lá Fhéile na Marbh
ón 23 Nollaig go dtí an 31 Nollaig	7 lá dheireadh na bliana

IOMLÁN 2027 18 lá **17 lá**

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 23 Iúil 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
Piotr SERAFIN
Comhalta den Choimisiún